

**COLÁISTE MHUIRE MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2011**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó gíotaí a foilsíodh in
www.cic.ie, www.gleg.ie, www.gaelport.com, www.irishexaminer.com,
www.heritageireland.ie, *InTouch*, Eanáir/Feabhra 2011, *Foinse*, An Chéadaoin,
22 Meán Fómhair 2010, www.meathchronicle.ie, www.imdb.com.

Treasa:

Coláiste Mhuire, Marino, 2011.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógraíonn Iarsmalann an Phiarsaigh go n-athraíonn uaireanta oscailte na hIarsmalainne do shéasúr an tsamhraidh. Ó Mhárta go Deireadh Fómhair, osclaíonn an Iarsmalann, óna leathuair tar éis a naoi go dtí a leathuair tar éis a cúig, Luan go Satharn, agus óna deich a go dtí a cúig ar an Domhnach.

Tá an Iarsmalann suite i suíomh álainn, i bPáirc Naomh Éanna, atá thart ar ocht gciliméadar ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Scoil ab ea í uair amháin agus ba é Pádraig Mac Piarais a bhunaigh í agus a bhí mar Phríomhoide uirthi. Scoil Éanna ab ainm don scoil.

Bíonn turais threoraithe as Gaeilge ar fáil gach lá, agus tá taispeántas closamhairc, a mhaireann fiche nóiméad, mar chuid den turas. Tugann an turas léargas cuimsitheach ar shaol an Phiarsaigh agus ar an bhfís oideachasúil a bhí aige do Scoil Éanna. Cuirfidh múinteoirí spéis ar leith sna háiseanna múinteoireachta atá ar taispeáint agus a bhíodh in úsáid sa scoil ag tús an chéid seo caite.

Saor in aisce atá an cead isteach agus is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ríomhphost a chur chuig Brian Crowley ag brian.crowley@opw.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Chló Iar-Chonnacht. Beidh rogha físeán do pháistí á tairiscint ar lascaine caoga faoin gcéad go dtí deireadh Mhí Aibreáin. Is í an rogha atá ar fáil ar deich euro an ceann ná *Dora agus Eachtraí an Mhapa agus Dora: An Deirfiúr Mhór*.

Bunaíodh Cló Iar-Chonnacht sa bhliain 1985, agus ó shin i leith tá os cionn céad caoga albam ceoil curtha amach ag an gcomhlacht foilsitheoireachta, agus tá suas le trí chéad leabhar curtha i gcló acu.

Más mian leat físeán a cheannach, is féidir teagmháil a dhéanamh le Lisa Uí Uiginn, an Bainisteoir Díolacháin, ag Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe, nó, is féidir cuairt a thabhairt ar oifigí an chomhlachta atá lonnaithe i bPáirc Ghnó Shailearna, trasna an bhóthair ó Choláiste Cholmcille. Bíonn na hoifigí ar oscailt óna naoi a chlog ar maidin go dtí a cúig a chlog um thráthnóna, Luan go Déardaoin, agus óna naoi a chlog ar maidin go dtí a ceathair a chlog um thráthnóna ar an Aoine.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Beidh ranganna rince ar an sean-nós ag tosú arís i gClub Chonradh na Gaeilge, ar an Luan tar éis na Cásca. Tá Club an Chonartha suite ar Shráid Fhearchair i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Is é Pádraig Ó hOibicín a bheidh mar mhúinteoir ar na ranganna. De ghnáth bíonn éileamh iontach mór ar a chuid cúrsaí agus baineann achan duine spraoi astu.

Rang do thosaitheoirí a bheidh ann ar a seacht a chlog agus díreoidh an rang ar a hocht a chlog ar fhoghlaimeoirí a bhfuil níos mó taithí acu ar an rince. Beidh cúpla ceardlann mar chuid de na cúrsaí agus gheobhaidh foghlaimeoirí deis a gcuid céimeanna a chleachtadh go rialta. Reáchtálfar oíche speisialta, fosta, a thabharfaidh seans d'fhoghlaimeoirí a bheith ag rince le rinceoirí cáiliúla ar an sean-nós.

Cosnóidh an cúrsa nócha euro agus mairfidh sé deich seachtaine. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@cnag.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I

(Canúint na Mumhan)

- Diarmaid:** Dia duit. Is mise Diarmaid Ó Cathasaigh. Tá seomra singil curtha in (T áirithe agam sa teach lóistín seo.
- Bríd:** Dia is Muire duit agus fáilte romhat go Dún Síon! Is tusa an t-iriseoir a bheidh ag déanamh taighde don chlár teilifíse faoi Mhícheál Ó Muircheartaigh. Nach bhfuil an ceart agam?
- Diarmaid:** Tá an ceart ar fad agat.
- Bríd:** Is mise Bríd Uí Éagartaigh, bean an tí. Mothóimid Mícheál uainn ar an raidió i mbliana.
- Diarmaid:** Is fíor duit. Bhí a stíl chraoltóireachta féin ag Mícheál agus beidh sé deacair a bhróga a líonadh.
- Bríd:** N’fheadar cad a dhéanfaimid nuair a bheidh na cluichí móra caide ar siúl! Thaitin sé liom, i gcónaí, gur tharraing sé rudaí beaga spéisiúla faoi na himreoirí isteach ina chuid tráchtairachta. ’Bhfuil a fhios agat? Is minic a d’íslíodh m’athair féin an tráchtairacht teilifíse ionas go mbeadh sé in ann éisteacht le Mícheál ar an raidió!
- Diarmaid:** Rinne go leor daoine an rud ceannann céanna. Agus, bhí an-spéis aige sa Ghaolainn, ar ndóigh.
- Bríd:** Bhí, agus tá, an-spéis aige i ngach rud Gaelach. Cén fáth nach mbeadh? Nach bhfuair sé go leor Gaolainne agus é ar scoil sa Daingean agus i gColáiste Iosagáin i mBaile Bhuirne. Ba mhúinteoir é, leis. Ach, éist! Caithfidh go bhfuil ocras ort. Ar thaistil tú ó Bhaile Átha Cliath inniu?
- Diarmaid:** Thaistil. Ba bhreá liom ceapaire agus cupán tae, dá mbeidís ar fáil.
- Bríd:** Fág do mhála ansin agus gheobhaidh mé duine chun é a thabhairt suas chuig do sheomra. Rachaimid isteach chuig an gcaifé áit a ndéanfaidh mé ceapaire duit.
- Diarmaid:** Ceart go leor. Go raibh maith agat, agus b’fhéidir go dtabharfá cead dom, chomh maith, tú a chur faoi agallamh am éigin le linn na seachtaine.
- Bríd:** B’fhéidir go dtabharfadh!
- [Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 2

(Canúint Chonnacht)

- Aisling:** Bail ó Dhia ort, a Eoghain. An raibh deireadh seachtaine maith agat?
- Eoghan:** Bhí deireadh seachtaine an-deas agam, a Aisling.
Ar chuala tú go raibh an bua ag Nollaig Ní Laoire san Oireachtas oíche Dé Sathairn?
- Aisling:** Nollaig a bhí in aon rang linn i gColáiste Mhuire Marino?
- Eoghan:** 'Sea. Nollaig as Dún Doire, gar go leor do Ráth Chairn i gContae na Mí. Bhuaigh sí Corn Uí Riada, an onóir is airde san amhránaíocht ar an sean-nós. Craoladh an comórtas beo ar RTÉ, Raidió na Gaeltachta.
- Aisling:** Corn Uí Riada! Bhuel! Nár lagaí Dia í! Bhí guth álainn binn aici i gcónaí agus bua an cheoil freisin. Céard a chas sí?
- Eoghan:** Mar is eol duit, bíonn ar na hiomaitheoirí amhrán mall amháin a chasadh agus amhrán eile ar luas níos tapa. Chas sí an t-amhrán cáiliúil, 'Dónall Óg', ar dtús, agus, ansin, chas sí 'Béal Átha na hAbhann'.
- Aisling:** Caithfidh nár bhuaigh aon duine níb'óige ná Nollaig an duais sin roimhe seo.
- Eoghan:** Tá an ceart ar fad agat. Is í Nollaig an duine is óige riamh a bhuaigh Corn Uí Riada. Agus rud eile! An bhfuil a fhios agat gurb í Nollaig an chéad duine riamh as Contae na Mí a bhuaigh an corn sin?
- Aisling:** Ó! Tá mé ag ceapadh go mbeidh ceiliúradh mór sa Bhradán Feasa di mar sin! Cá bhfuil sí ag múineadh anois? Ba mhaith liom cárta a chur chuici chun tréaslú léi.
- Eoghan:** Dúradh ar an raidió go bhfuil sí ag múineadh i nGaelscoil na Cille i gCill Dhéagláin. Ní raibh mé féin i dteagmháil léi ó d'fhágamar an Coláiste, ach caithfidh mise teagmháil a dhéanamh léi, freisin, chun comhghairdeas ó chroí a dhéanamh léi. Cuirfidh mé téacs chuici.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3

(Canúint Uladh)

- Éamonn:** Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann anocht, a Róisín?
- Róisín:** Ba bhreá liom é sin. Ní raibh mé sa phictiúrlann le fada mar táim tar éis a bheith ag obair go dian achan lá agus achan oíche le mí anuas. Thabharfadh oíche ag an phictiúrlann deis dom éalú ar feadh tamaillín ón staidéar go léir. An bhfuil tú ag iarraidh aon scannán ar leith a fheiceáil?
- Éamonn:** Níl i ndáiríre. Tig linn dul chuig scannán ar bith. Ní raibh mise sa phictiúrlann le fada ach oiread agus, mar a deir tú féin, thabharfadh pictiúr maith faoiseamh ó bhrú an tsaoil.
- Róisín:** Chuala mé go bhfuil ‘*The King’s Speech*’ iontach maith agus gur bhain sé duaiseanna ag Comórtas na nOscar le déanaí.
- Éamonn:** Ó ’sea! Más buan mo chuimhne léigh mé léirmheas faoin scannán sin sa pháipéar nuachta. Is scannán beathaisnéiseach é faoi Rí Shasana Aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Bhí fadhb éigin urlabhra aige, nach raibh?
- Róisín:** Bhí. Bhí sé stadach ina chuid cainte ach chuidigh teiripe urlabhra leis agus d’éirigh leis a ghuth a aimsiú arís agus an stadaireacht a shárú.
- Éamonn:** Cé hé stiúrthóir an scannáin?
- Róisín:** Is é Tom Hooper Stiúrthóir an scannáin agus is iad Colin Firth agus Helena Bonham Carter atá sna príomhróil. Bíonn na haisteoirí sin ar fheabhas de ghnáth.
- Éamonn:** Bhuel! Tchífidimid anocht! Cuirfidh mé na ticéid in áirithe ar an idirlíon ionas nach mbeidh orainn seasamh sa scuaine ag oifig na dticéad.
- Róisín:** Sin smaoineamh iontach! Má chuireann tú na ticéid in áirithe anois, sábhálfaidh sé am anocht agus beimid in ann dul le haghaidh cupán caife roimh an bpictiúr.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ceardlanna oiliúna do bhunmhúinteoirí ar fáil sna hIonaid Oideachais ar fud na tíre an téarma seo caite. Reáchtáladh ceardlann san Ionad Oideachais i gCorcaigh ar an dara lá de Mhí Feabhra dhá mhíle is a haon déag.

Ba í an aidhm a bhí leis an gceardlann i gCorcaigh ná oiliúint a chur ar mhúinteoirí in úsáid áis teagaisc nua don Ghaeilge. ‘Spreag an Ghaeilge le Spraioi’ is ainm don áis nua agus is áis í a aithníonn ról tábhachtach an tsúgartha i saol leanaí ó na ranganna Naíonán go dtí Rang a Sé.

Tá go leor ceachtanna sa phacáiste bunaithe ar chluichí clóis agus ar chluichí teanga eile cosúil le biongó. Cuireann an pacáiste béim ar an teanga ar leith a bhaineann le cumarsáid i dtimpeallacht na scoile agus déanann an áis iarracht ar leith leanaí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil. Dúirt An Comhordaitheoir Réigiúnach, TJ Ó Ceallaigh, go dtugann an áis deis do leanaí a bheith neamhspleách mar fhoghlaimoírí.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Bhí slua breá i láthair ag tráthnóna eolais faoi Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhí ar siúl i mBácús Uí Ghríofa ar Shráid na Siopaí i nGaillimh ag deireadh na míosa seo caite. D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge an ócáid chun cuidiú le comhlachtaí sa chathair ullmhú don Ghradam.

Is gradam bliantúil é Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a aithníonn an obair mhór a dhéanann lucht gnó i gCathair na Gaillimhe chun an Ghaeilge agus an dátheangachas a chur chun cinn.

Gheobhaidh an buaiteoir duaiseanna de luach cúig mhíle euro dhéag chomh maith le píosa dealbhóireachta atá deartha go speisialta ag Pádraic Reaney agus ar a bhfuil ceithre threabh déag na Gaillimhe léirithe. I mbliana, den chéad uair, tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tar éis urraíocht a thabhairt don Ghradam, agus de bharr na hurraíochta sin, beidh seachtain sa Ghaeltacht do bheirt mar chuid den duais.

Dúirt Séamas Ó Gríofa, a labhair ag an ócáid agus a bhuaigh an Gradam anuraidh, gur chabhraigh an gradam go mór leis a ghnó a chur chun cinn.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Bronnadh MBE ar an tSiúr Consilio Nic Gearailt in onóir a saothair ar fad le daoine a fhulaingíonn leis an alcólachas agus le handúil eile. Tá a saol ar fad caite ag an tSiúr Consilio ag cabhrú le daoine a n-iompar a athrú.

Rugadh an tSiúr Consilio i gContae Chiarraí agus is ball í de Shiúracha na Trócaire. Bhunaigh sí a céad Ionad d'Andúiligh san Iúr sa bhliain naoi déag ochtó is a ceathair. Cuan Mhuire is ainm don Ionad sin. Sa lá atá inniu ann, tá Ionaid Chónaithe ag an tSiúr Consilio i Luimneach, i nGaillimh, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

Dúirt an tSiúr Consilio gur chuidigh go leor daoine ó thuaisceart na hÉireann léi i rith a saoil agus ghabh sí buíochas le ceannairí polaitiúla, le ceannairí eaglasta, agus le heagraíochtaí deonacha as an tacaíocht a thug siad di. Dúirt sí gur léirigh na daoine sin tuiscint iontach maith ar an tábhacht a bhaineann leis an obair a dhéantar i gCuan Mhuire san Iúr.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.